


# Treoirínite maidir le Socrúcháin Scoile



Eagrán 1 – 2014

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**



---

# Treoirlínte maidir le Socrúcháin Scoile

---

Eagrán 1 – 2014



---

# Réamhrá

---

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, táimid thar a bheith sásta na Treoirlínte seo maidir le Socrúcháin Scoile a chur faoi bhur mbráid mar aguisín le critéir chreidiúnúcháin na Comhairle Múinteoireachta le haghaidh cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) (*Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir*, Meitheamh 2011). D'eascair na treoirlínte seo as próiseas comhpháirtíochta a tosaíodh go luath sa bhliain 2012, nuair a d'iarr an Chomhairle ar pháirtithe leasmhara náisiúnta páirt a ghlacadh i meitheal chun breathnú ar an ngné ríthábhachtach seo de OTM. Ba é cuspóir tríd is tríd na hoibre a chinntiú go mbeadh comhleanúnachas níos mó sna heispéiris socrúcháin scoile a bhíonn ag gach múinteoir faoi oiliúint, i bhfianaise a thábhachtaí is atá an t-eispéireas sin ó thaobh múinteoirí na toadhcháí a mhúnlú. Bhí sé mar sprioc againn freisin comhoibriú feabhsaithe idir Institiúidí Ardoideachais (IAOnna) agus scoileanna a éascú. Bhí an cur chuige seo ar aon dul leis an éileamh sna critéir chreidiúnúcháin go bhforbrófar “múnlaí nua agus nuálaíocha maidir le socrúcháin scoile...ar bhealach rannpháirteach, sa chaoi go ndéanfadh IAOnna agus scoileanna comhoibriú gníomhach chun socrúcháin scoile a eagrú”.

Tá foilsiú na dtreoirlínte seo agus athchoincheapú an eispéiris socrúcháin scoile mar chéim eile chun tosaigh ó thaobh an leanúntas in oideachas múinteoirí a chur chun cinn. Leis na treoirlínte seo, tugtar treoirphlean soiléir do gach duine a bhfuil ról aige nó aici maidir le heispéiris socrúcháin scoile ardchaighdeán a éascú, agus tá súil againn go bhfeicfidh scoileanna agus IAOnna an chaoi inar féidir dea-chleachtas reatha sa réimse seo a úsáid agus a fhorbairt de réir a chéile ar mhaithe leis na comhpháirtithe uile, agus múinteoirí faoi oiliúint agus foghlaimeoirí ach go háirithe.

Beidh na treoirlínte seo mar phointe tagartha tábhachtach don Chomhairle Múinteoireachta, le linn di athbhreithniú a dhéanamh ar chlár OTM d'fhonn creidiúnú gairmiúil a thabhairt dóibh, agus do ghníomhaireachtaí Rialtais agus stáit iomchuí, le linn dóibh beartas oideachais a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm san earnáil bhunscoile agus iar-bhunscoile.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghabháil le comhaltaí an ghrúpa, a liostaítear in Aguisín 2, as na treoirlínte seo a thiomsú. Is mór againn an dua a chaith siad leis an obair agus a thoilteanaí is a bhí siad a gcuid saineolais a chomhroinnt go flaitiúil.

Tuigimid go mbeidh dúshlán le sárú ag scoileanna agus IAOnna ó thaobh na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm. Beidh neart castachtaí ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Tógfaidh sé tamall ar na treoirlínte leabú agus ar gach duine atá rannpháirteach tuiscint a fháil ar na tairbhí a eascróidh as na múnlaí comhoibríocha nua. Beidh na treoirlínte faoi réir athbhreithniú agus athrú, a bheidh faoi threoir taighde breise náisiúnta agus idirnáisiúnta ar OTM agus thuairimí na gcomhpháirtithe uile, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí comhoibríocha.

---

Insítear dea-scéal sna treoirlínte seo faoin gcéim seo in aistear duine atá chun bheith ina mhúinteoir nó ina múinteoir, agus níor chóir go mbeadh drogall orainn an scéal a scaipeadh ar gach uile dhuine a bhainfeadh tairbhe as – múinteoirí faoi oiliúint, IAOnna, pobail scoile uile agus, gan amhras, na glúine de dhaltaí agus mic léinn a bheidh ag dul ar scoil amach anseo. Creidimid sa Chomhairle gur chóir dúinn an leas is fearr is féidir a bhaint as an deis a thugtar dúinn leis na treoirlínte seo tuiscint úr a fháil ar an ngairmiúlacht agus ar chómhuinín ghairmiúil. Iarraimid ar an ngairm agus ar na comhpháirtithe oideachais uile comhoibriú linn san iarracht sin.

*Le gach dea-mhéin*



A handwritten signature in black ink that reads "Micheál Ó Gríofa". The signature is written in a cursive style and is positioned above a horizontal line.

Micheál Ó Gríofa  
An Cathaoirleach



A handwritten signature in black ink that reads "Tomás Ó Ruairc". The signature is written in a cursive style and is positioned above a horizontal line.

Tomás Ó Ruairc  
An Stiúrthóir

# Gluais

## Lárionad Oideachais

Tá le Lárionad Oideachais an bhrí a thugtar dó le hAlt 10(4) den Acht Oideachais, 1998.

## Comhoibriú

Tarlaíonn comhoibriú nuair a oibríonn na daoine a bhíonn páirteach i socrúchán scoile i gcomhar lena chéile chun comhspríoc a bhaint amach, is é sin, an t-eolas, an oilteacht agus na hinniúlachtaí a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt agus a chinntiú go mbaintear na torthaí is fearr amach d'fhoghlaimoirí le linn an phróisis. Tá mar bhonn agus taca ag an gcomhoibriú sin eolas agus foghlaim a chomhroinnt, comthuisctint a chothú agus feabhas a chur ar na scileanna atá riachtanach chun go mbeidh rath ar shocrúchán scoile.

## Múinteoir comhoibríoch

Is múinteoir sa scoil ina bhfuil an socrúchán ar siúl an múinteoir comhoibríoch a chuireann tacaíocht agus treoir ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint agus a bhíonn mar phointe teagmhála idir IAO agus an scoil. D'fhéadfadh múinteoir faoi oiliúint a bheith i roinnt ranganna éagsúla i suíomh iar-bhunscoile agus d'fhéadfadh roinnt múinteoirí comhoibríocha a bhaineann le raon réimsí ábhair a bheith sannta dó nó di dá réir sin. In imthosca den sórt sin, féadfaidh múinteoir amháin an ról idirchaidrimh a chomhlíonadh trí aiseolas a fháil ó mhúinteoirí comhoibríocha eile agus trí fheidhmiú mar phointe teagmhála don phríomhoide agus do theagascóir socrúcháin IAO.

## Leanúntas in oideachas múinteoirí

Baineann sé seo leis na gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha, idir gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, a nglacfaidh múinteoirí páirt iontu le linn ghairmréim an mhúinteora agus iad ag gníomhú mar fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionductú, agus forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach.

## Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)

Cuireann BOOnna cláir oideachais agus oiliúna ar fáil ar leibhéal áitiúil agus pobail ar fud na hÉireann. Cuireadh sé BOO déag ar bun an 1 Iúil 2013. Tháinig siad i gcomharbacht ar na 33 Choiste Gairmoideachais (CGOOnna) a bhíodh ann roimhe seo.

## Institiúid Ardoideachais (IAO)

Tugtar IAO nó Institiúid Ardoideachais ar na coláistí poiblí agus príobháideacha, ollscoileanna agus comhlachtaí tríú leibhéal eile a chuireann clár creidiúnaithe amháin nó níos mó d'oideachas tosaigh múinteoirí ar fáil.

## Teagascóir Socrúcháin IAO

Ciallaíonn Teagascóir Socrúcháin IAO duine atá fruilithe ag IAO chun tacaíocht agus meantóireacht a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint agus chun a gcuid cleachtaidh a mheas le linn dóibh a bheith páirteach i socrúchán. D'úsáidítí an téarma "maoirseoir" go forleathan go traidisiúnta ach measann an Chomhairle gur fearr an téarma teagascóir toisc go dtugann sé léiriú níos cruinne ar chineál an ról atá i gceist.

## Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Baineann OTM leis an mbunchéim foghlama a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint nuair a ghlacann siad páirt i gclár aitheanta d'oideachas tosaigh múinteoirí arna chur ar fáil ag Institiúid Ardoideachais.

## Foghlaimoirí

Tugtar “foghlaimoirí” ar dhaltaí agus mic léinn ag leibhéal bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais.

## Meantóireacht

Folaíonn an téarma meantóireacht na modhanna uile trína gcuirtear tacaíocht, comhairle agus inspreagadh ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint atá ag glacadh páirt i socrúchán, agus trína ndéantar cleachtadh agus machnamh an mhúinteora faoi oiliúint a dhaingniú agus a cheistiú, de réir mar is cuí. Aithnítear go bhfuil an próiseas a bhaineann le meantóireacht a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint éagsúil ón bpróiseas a bhaineann le meantóireacht a chur ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe.

## Tuismitheoir

Folaíonn an téarma “tuismitheoir” tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla.

## Comhpháirtíocht

Baineann comhpháirtíocht leis na próisis, struchtúir agus socrúithe a chuireann ar chumas na gcomhpháirtithe atá páirteach i socrúchán scoile oibriú agus foghlaim i gcomhar lena chéile in oideachas múinteoirí.

## Príomhoide

Is é nó í an príomhoide atá freagrach don Bhord Bainistíochta as bainistiú laethúil na scoile, lena n-áirítear múinteoirí a chomhairliú agus a threorú. Mar cheannaire na foghlama, déanann an príomhoide múinteoirí, baill foirne

eile agus foghlaimoirí a threorú. Bíonn sé de fhreagracht ar an bpríomhoide timpeallacht scoile a chruthú ina dtugtar tacaíocht d'fhoghlaim na ndaltaí agus na múinteoirí uile i bpobal na scoile.

## Scoil Aitheanta

Is éard is scoil aitheanta ann scoil arna haithint de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

## Údarás Bainistíochta Scoile

Is é seo an Bord Bainistíochta agus/nó B00, de réir mar is cuí. Déanann an t-údarás bainistíochta scoile an scoil a bhainistiú thar ceann an Phátrúin de réir Alt 15 den Acht Oideachais, 1998. Déanann sé oideachas cuí a sholáthar nó cuireann sé faoi deara oideachas cuí a sholáthar d'fhoghlaimoirí agus bíonn sé freagrach as a chinntiú go bhfuil beartas socrúcháin scoile i bhfeidhm agus go gcloítear leis.

## Socrúchán Scoile

Tá socrúcháin scoile deartha chun cur ar chumas an mhúinteora atá faoi oiliúint foghlaim faoi theagasc agus foghlaim, taithí a fháil ar an múinteoireacht, teoiricí oideachais a chur i bhfeidhm i gcleachtas in imthosca teagaisc agus foghlama éagsúla agus i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, agus páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach atá struchtúrtha agus tacaíthe. Úsáidtear an téarma “socrúchán scoile” in ionad an téarma “cleachtadh múinteoireachta” anois, mar is léiriú níos cruinne é ar an raon gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc a bhíonn i gceist leis an eispéireas sin.

Ó thaobh Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) de, folaíonn socrúchán scoile gníomhaíochtaí cosúil le micritheagasc, ceardlanna ullmhúcháin don socrúchán, agus comhsheisiúin faisnéisithe/machnaimh i ndiaidh an tsocrúcháin a bhaineann go díreach leis an socrúchán. Tuigtear nach gá do na gníomhaíochtaí sin go léir tarlú i gcomhthéacs scoile.



---

## Múinteoir faoi oiliúint

Is múinteoir faoi oiliúint é nó í mac léinn atá ag gabháil do chlár d'oidreachas tosaigh múinteoirí.

## Múinteoir

Tugtar “múinteoir” ar mhúinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Teagasc Foirne

Baineann teagasc foirne le grúpa de bheirt mhúinteoirí nó níos mó a bheith ag obair le chéile chun na gníomhaíochtaí foghlama don ghrúpa céanna foghlaim a phleanáil, a chur i gcrích agus a mheasúnú. De ghnáth, bíonn múinteoirí ag múineadh na bhfoghlaim a dhéanann an am céanna, cé nach mar sin atá sé i gcónaí.

# Réamhrá

Is é ról príomhúil na scoile a chinntiú go mbeidh an rath is mó is féidir ar fhoghlaim. Dá réir sin, ní mór leas na bhfoghlaim a chur ag croílár an bheartais náisiúnta maidir le hoideachas múinteoirí, agus go háirithe, ag croílár an eispéiris socrúcháin scoile.

Tá mar bhonn agus taca ag na treoirlínte seo trí phríomhthoimhde maidir leis na tairbhí a bhaineann leis an eispéireas socrúcháin scoile a athchoincheapú:

- cuirfidh sé feabhas ar an eispéireas socrúcháin scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint;
- cuirfidh sé feabhas ar thorthaí foghlama foghlaimoirí reatha agus foghlaimoirí amach anseo; agus
- cuirfidh sé le sástacht ghairmiúil múinteoirí agus cuirfidh sé feabhas ar a stádas.

Tá sé ríthábhachtach, ar na cúiseanna sin, go ndéanfaidh na comhpháirtithe oideachais go léir acmhainní a sholáthar do chlár d'oideachas múinteoirí, agus don eispéireas socrúcháin ach go háirithe, agus go dtacóidh siad leo d'fhonn a gcomhspricanna a bhaint amach.

Is cuid ríthábhachtach d'oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) socrúcháin scoile agus dearadh é chun cur ar chumas an mhúinteora atá faoi oiliúint foghlaim faoi theagasc agus foghlaim, taithí a fháil ar an mhúinteoireacht, agus teoiric a chur i bhfeidhm i gcleachtas in imthosca teagaisc éagsúla agus i gcomhthéacsanna scoile éagsúla.

Mar chuid den socrúcháin, glacann an mhúinteoir faoi oiliúint páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc, agus déanann

sé nó sí breathnóireacht ar raon leathan gníomhaíochtaí den sórt sin. Is ar an dóigh sin a fhaigheann sé nó sí tuiscint ar a chasta is atá an mhúinteoireacht agus ar na róil éagsúla a chomhlíonann múinteoirí.

Cabhraíonn socrúcháin scoile le mhúinteoirí faoi oiliúint feabhas a chur ar a gcumas féinmhachnamh a dhéanamh, trí mheán comhráite le mhúinteoirí comhoibríocha, agus leis na teagascóirí IAO, agus tugann sé deiseanna luachmhara don mhúinteoir faoi oiliúint comhairle a iarraidh agus a fháil ar bhealach atá struchtúrtha, tacúil. Gné shuntasach den socrúcháin ná go gcuireann sé ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint raon eolais, oilteachta, inniúlachtaí agus meonta gairmiúla a fhorbairt atá ríthábhachtach dá fhéiniúlacht nó dá féiniúlacht ghairmiúil mar mhúinteoir. Fágann sé freisin go dtagann fás comhthráthach ar fhéiniúlacht phearsanta an mhúinteora faoi oiliúint agus é nó í ag glacadh páirt sa phróiseas a bhaineann le foghlaim chun múineadh agus gach a mbaineann leis.

## Cur leis an dea-chleachtas

Tá socrúcháin scoile bunaithe ar thraidisiún de dhea-thoil. Oibríonn múinteoirí le mhúinteoirí faoi oiliúint, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus a fhorbairt agus chun tacú leis, agus déanann a lán pobal scoile am a chur ar fáil agus a gcuid taithí a chomhroinnt ar bhealach flaithiúil. Cuireann siad timpeallacht chuí ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint inar féidir leo páirt a ghlacadh i socrúcháin fiúntach.

---

Dearadh na treoirlínte seo chun cur leis an dea-chleachtas reatha agus chun múnlaí nua agus nuálaíocha maidir le socrúcháin scoile a spreagadh trí mheán cur chuige comhpháirtíochta, gan ualach iomarcach a leagan ar scoileanna.

### **Cur chuige níos struchtúrtha a fhorbairt maidir le hóstscóileanna a aithint agus tacú leo**

Táthar ag iarraidh óstscóileanna a spreagadh chun bheith mar phobail a dhéanfaidh dea-chleachtas gairmiúil a chothú agus a ghlacfaidh páirt in OTM as a stuaim féin. Tuigtear, áfach, nach mbeidh sé éasca i gcónaí do IAOnna agus/ nó múinteoirí faoi oiliúint óstscóil oiriúnach a aithint, ag féachaint do na socrúcháin scoile fhadaithe agus don chaoi ina bhfuil an córas bunaithe ar an dea-thoil. Ar an gcúis sin, moltar cur chuige níos struchtúrtha a úsáid chun óstscóileanna a aithint, chun iad a spreagadh chun bheith rannpháirteach agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir. D'fhágfadh cur chuige den sórt sin go mbeadh socrúcháin le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint níos comhleanúnaí agus go ndéanfaí múinteoirí a shannadh do scoileanna ar fud na tíre ar shlí níos cothroime, le haird ar chumas na scoileanna glacadh leo.

### **Na Treoirlínte seo a Athbhreithniú**

Is timpeallacht dhinimiciúil chasta í an timpeallacht scoile agus, i bhfianaise sin, is léir go bhfuil foilsiú na dtreoirlínte seo agus athchoincheapú eispéireas an tsocrúcháin scoile mar thús aistir, seachas a dheireadh. Is ionann na treoirlínte seo agus léarscáil don aistear sin. Tabharfaidh siad treoir do scoileanna agus do IAOnna faoi conas is féidir dea-chleachtas reatha i dtaca le socrúcháin scoile a úsáid agus a fhorbairt go céimneach ar mhaithe leis na comhpháirtithe uile, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint agus foghlaimeoirí. Beidh siad faoi réir athbhreithniú agus athrú faoi threoir taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar OTM agus le haird ar thuairimí na gcomhpháirtithe uile, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint.

# Na tairbhí a bhaineann le socrúchán scoile dea-bhainistithe

Baineann foghlaimeoirí, múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí comhoibríocha, an pobal scoile níos leithne agus IAOnna tairbhe as socrúchán scoile dea-bhainistithe.

Tugtar deis do **mhúinteoirí faoi oiliúint** breathnú ar mhúinteoirí ag a bhfuil taithí agus iad i mbun teagaisc, agus eolas, oilteacht, inniúlachtaí agus meonta gairmiúla a fhorbairt.

Is féidir le **scoileanna** iad féin a fhorbairt mar phobail foghlama trí eolas agus scileanna a chomhroinnt agus trí chaidreamh a fhorbairt le múinteoirí faoi oiliúint agus le IAOnna.

Bíonn deis ag **múinteoirí comhoibríocha** a gcuid saineolais ghairmiúil a chomhroinnt, breathnú ar chuir chuige éagsúla i ndáil le teagasc, agus foghlaim faoi na cuir chuige sin, trí bhíthin a gcaidrimh le múinteoirí faoi oiliúint agus IAOnna.

Is féidir le **foghlaimeoirí** tairbhe a bhaint as raon d'eispéiris saibhriúcháin a éiríonn as rannpháirtíocht struchtúrtha múinteoirí faoi oiliúint sa scoil. Cuireann comhoibriú múinteoirí faoi oiliúint leis na múinteoirí comhoibríocha, le foireann níos leithne na scoile agus leis na teagascóirí IAO leis an tairbhe sin.

Is féidir le **IAOnna** iad féin a choinneáil ar an eolas faoi chomhthéacsanna scoile agus gnáthshaol laethúil scoileanna a bhíonn ag síorathrú.

Bíonn neart deiseanna ag IAOnna agus ag scoileanna oibriú i gcomhar lena chéile mar gheall ar shocrúchán scoile. Nuair a dhéantar socrúchán a reáchtáil laistigh de chreat comhpháirtíochta agus foghlama, ina gcuirtear acmhainní dóthanacha agus tacaíocht dhóthanach ar fáil, agus nuair atá ceannairí ag leibhéal scoile agus IAO tiomanta d'éascaíocht a dhéanamh air, cruthaítear deiseanna chun tuairimí agus modheolaíochtaí nua a chomhroinnt. Is féidir plé oscailte ar theagasc agus ar fhoghlaim a chur chun cinn agus deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí páirt a ghlacadh agus foghlaim a dhéanamh ar feadh na gairmréime.

Tugann socrúchán deis do mhúinteoirí faoi oiliúint agus do phearsanra IAO feabhas a chur ar chomhtháthú teoricí agus cleachtas trí mheán cleachtadh gairmiúil machnamhach agus comhoibríoch agus foghlaim bunaithe ar fhiosrúcháin. Tá sé sin ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta ina gcaitear le hoideachas múinteoirí mar leanúntas.

Gné shuntasach de shocrúchán scoile ná go dtugann sé deis do IAOnna múinteoirí faoi oiliúint atá oiriúnach don mhúinteoireacht agus inniúil uirthi a aithint. Cuireann sé ar chumas IAOnna daoine nach bhfuil oiriúnach don mhúinteoireacht nó inniúil uirthi a aithint chomh maith.

---

# Tréithe socrúcháin scoile éifeachtaigh

---

Is cuid riachtanach d'oidéachas tosaigh múinteoirí (OTM) an socrúchán scoile atá fite fuaite le céim tosaigh na gairme sa leanúntas in oidéachas múinteoirí.

Is faoi threoir Pholasaí na Comhairle ar an Leanúntas in Oidéachas Múinteoirí a reáchtáiltear socrúcháin scoile éifeachtacha, agus is iad seo a leanas na tréithe lena mbaineann.

## An scoil iomlán a bheith dírithe ar an bhfoghlaim

Tá se ríthábhachtach go dtabharfar deis don mhúinteoir faoi oiliúint páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama agus forbartha éagsúla le linn an tsocrúcháin, ag féachaint don chéim ag a bhfuil sé nó sí sa chlár OTM.

Tá an prionsabal gur eagraíocht foghlama í an scoil ina ndéantar foghlaim múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí, theagascóirí socrúcháin IAOnna agus foghlaimeoirí a chur chun cinn ar shlí leanúnach, chomhoibríoch ag croílár na dtreoirlínte seo. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go mbainfí úsáid as cur chuige scoile uile i ndáil le socrúchán, faoi threoir príomhoidí ina gcáil mar cheannairí na scoileanna.

Is eagraíochtaí foghlama iad IAOnna chomh maith. De réir mar a leanfaidh siad díobh ag forbairt eolais agus saineolais i ndáil le socrúchán scoile, beidh tionchar suntasach acu ar fhoghlaim múinteoirí comhoibríocha, príomhoidí agus mhúinteoirí eile na scoile. Nuair a chuireann IAOnna deiseanna chun forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a dhéanamh ar fáil do scoileanna, tugtar deis do IAOnna agus scoileanna a gcuid saineolais ghairmiúil agus

eolais a chomhroinnt, agus tugtar aitheantas chomh maith don tacaíocht a thugann múinteoirí dá gcomhghleacaithe nua a bheidh ag dul isteach sa ghairm go luath agus, dá bhrí sin, don obair a dhéanann múinteoirí chun socrúcháin éifeachtacha a éascú.

## Caidrimh atá bunaithe ar na croíluachanna de mheas, muinín agus uilechuimsitheacht

Caithfidh caidrimh a bheith bunaithe ar chóimheas, ar chómhúinín agus ar uilechuimsitheacht chun go mbeidh rath ar shocrúcháin. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na comhpháirtithe go léir múinteoirí faoi oiliúint a chuimsiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn an tsocrúcháin scoile. Maidir leis na múinteoirí faoi oiliúint, ní mór dóibh ról phearsanra na scoile a aithint agus meas a léiriú air, mar aon le haird chuí a thabhairt ar na beartais, na prótacail agus an sainspiorad atá mar bhonn agus taca ag saol laethúil na scoile.

## Comhpháirtíocht

Bíonn socrúcháin scoile bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta a mbaineann pobail scoile, IAOnna agus múinteoirí faoi oiliúint tairbhe as. Tugtar aitheantas don dea-thoil a léiríonn múinteoirí agus comhpháirtithe eile a bhíonn sásta páirt a ghlacadh ar bhonn deonach. Leanfaidh IAOnna agus scoileanna díobh ag tacú lena chéile agus iad ag gabháil don phróiseas socrúcháin.

## Rannpháirtíocht ghairmiúil agus úinéireacht

Is gairm fhéinrialaithe í gairm na múinteoireachta agus dá réir sin, tá forbairt an tsocrúcháin scoile bunaithe ar an gcoincheap go bhfuil gairm na múinteoireachta tiomanta do bheith rannpháirteach sa phróiseas a bhaineann le hoideachas múinteoirí, i gcomhpháirtíocht le IAOnna. Ba chóir go dtabharfadh na comhpháirtithe oideachais go léir an tacaíocht chúí do mhúinteoirí agus do scoileanna chun cur ar a gcumas na hionchais i ndáil leis an gcéanna a bhaint amach. Is é nó í an múinteoir faoi oiliúint féin a bheidh freagrach as an leas is mó is féidir a bhaint as aon deiseanna foghlama a chuirfear ar fáil dó nó di le linn an tsocrúcháin.

Ba chóir go mbeadh meas ag múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí comhoibríocha, príomhoidí, teagascóirí socrúcháin IAO agus na comhpháirtithe go léir sa phróiseas socrúcháin scoile ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn an phróisis socrúcháin scoile sa chumarsáid go léir a dhéanfaidh siad.

## Na trí chrann taca

Ba chóir go mbeadh an socrúchán scoile bunaithe ar na trí chrann taca de chuid na Comhairle – is iad sin nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú – atá mar bhonn agus taca ag gach céim den leanúntas in oideachas múinteoirí dá dtagraítear i bPolasaí na Comhairle ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí.

## Caidrimh agus cumarsáid

Ní mór caidrimh atá bunaithe ar chóimheas, ar chóimhuinín agus ar uilechuimsitheacht a chur chun cinn chun go mbeidh socrúchán scoile éifeachtach.

Caithfidh na comhpháirtithe uile cumarsáid oscailte shoiléir a dhéanamh lena chéile. Tá sé ríthábhachtach, ach go háirithe, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí. Ní mór iad a chur ar an eolas faoina thiomanta is atá an scoil do mhúinteoirí faoi oiliúint a óstáil le linn socrúcháin agus faoi bheartas na scoile i ndáil leis na socrúcháin sin.

# Fad, struchtúr agus tráthú socrúcháin scoile

Mar a leagadh amach sa réamhrá, is cuid ríthábhachtach d'oidreachas tosaigh múinteoirí (OTM) socrúcháin scoile.

Chinn an Chomhairle Mhúinteoireachta gur chóir go mbeadh 25% d'am na mac léinn ar chúrsaí fochéime ceithre bliana i bhfad, agus 40% d'am na mac léinn ar chúrsaí iarchéime dhá bhliain i bhfad, caite ar shocrúcháin scoile.

Folaíonn socrúcháin scoile gné scoilbhunaithe (teagasc díreach agus gníomhaíochtaí scoilbhunaithe eile i scoil aitheanta) agus raon gníomhaíochtaí IAQ, de réir mar a leagtar amach i bhFíor 1. Beartaítear go mbeidh an chuid is mó den socrúcháin scoile bunaithe i scoil.

## Gníomhaíochtaí scoilbhunaithe

Ní foláir 100 uair an chloig, ar a laghad, de theagasc díreach a áireamh sa ghné scoilbhunaithe i rith an chláir iomláin. Féadfaidh taithí ar theagasc foirne a bheith ar áireamh san am sin<sup>1</sup>. I gcomhthéacs na gclár fadaithe, táthar ag súil leis go n-oibreoidh IAQna agus scoileanna le chéile chun a chinntiú go mbeidh deis ag múinteoirí faoi oiliúint idir 200 agus 250 uair an chloig de thaithí a fháil ar theagasc díreach. Níor chóir múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal iar-bhunscoile a chur leis an amchlár chun ranganna a mhúineadh atá ar leithligh ó ranganna na múinteoirí comhoibríoch a bhfuil siad sannta dóibh chun críocha an tsocrúcháin.

Ba cheart go mbeadh socrúcháin amháin atá deich seachtaine i bhfad ar a laghad san áireamh sa dara leath den chlár.

Ba chóir go mbeadh uaireanta neamhtheagaisc i scoileanna dea-struchtúrtha chun go mbeidh sé indéanta béim níos mó a leagan ar bhreathnóireacht sa seomra ranga, oibriú i gcomhar le baill foirne ag a bhfuil taithí agus páirt mhéadaithe a ghlacadh i saol laethúil na scoile.

Ba chóir do scoileanna agus IAQna a chinntiú go mbeidh deis ag an múinteoir faoi oiliúint páirt a ghlacadh i meascán de na cineálacha gníomhaíochtaí a luaitear i bhFíor 1, ag féachaint don chéim ag a bhfuil sé nó sí sa chlár OTM.

Ní mór aird a thabhairt ar riachtanais na múinteoirí faoi oiliúint agus riachtanais na n-óstscoileanna nuair a bhíonn tráthú socrúcháin á phleanáil.

Faoi réir an mhéid thuasluaite, beidh solúbthacht ag IAQna maidir le fad, struchtúr agus tráthú na gné scoilbhunaithe a chinneadh, agus cuirfidh siad faisnéis mhionsonrach ar fáil do scoileanna i ndáil leis an gcéanna chun pleanáil scoile a éascú.

<sup>1</sup> Maidir leis an am a chaitear ar theagasc díreach, ag an leibhéal bunscoile ba chóir go mbeadh i gceist leis raon ábhar sa churaclam bunscoile a theagasc do rang ainmnithe. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, ba chóir go mbeadh i gceist leis ábhar ceadaithe amháin nó níos mó sa churaclam iar-bhunscoile a mhúineadh do rang ainmnithe.

## **Gníomhaíochtaí atá treoraithe ag IAOnna**

Tuigtear go mbíonn a lán gníomhaíochtaí foghlama eile, ar gníomhaíochtaí iad a éascaíonn IAOnna agus nach mbaineann leis an ngné scoilbhunaithe, fite fuaite leis an socrúchán. Féadfaidh micritheagasc, ceardlanna ullmhúcháin agus comhsheisiúin machnaimh i ndiaidh an tsocrúcháin a bheith ar áireamh iontu sin. Féadfaidh eispéiris socrúcháin de chineálacha eile i suíomhanna oideachais nach scoileanna aitheanta iad a bheith ar áireamh iontu chomh maith. Tá liosta, nach bhfuil uileghabhálach, de na gníomhaíochtaí arna dtreorú ag IAOnna a fhéadfar a mheas mar ghníomhaíochtaí atá ríthábhachtach don socrúchán leagtha amach i bhFíor 1. Féach Aguisín 3 le haghaidh liosta de IAOnna a chuireann cláir OTM ar fáil agus de na mionsonraí teagmhála lena mbaineann.



**Fíor 1** Gnéithe de shocrúchán scoile

**I dteannta teagasc díreach ranga ainmnithe, ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí seo a leanas ar áireamh sa ghné scoilbhunaithe:**

Teagasc, foghlaim agus measúnú a phleanáil (ranganna sannta)

Foghlaim a mheasúnú (ranganna sannta)

Measúnú don fhoghlaim (ranganna sannta)

Breathnóireacht struchtúrtha ar chleachtadh seomra ranga

Rannpháirtíocht múinteoirí faoi oiliúint i gcláir insealbhaithe scoilbhunaithe

Comhráite gairmiúla le múinteoirí ag a bhfuil taithí

Aiseolas struchtúrtha ó theagascóirí socrúcháin IAO agus ó mhúinteoirí comhoibríocha faoin gcleachtadh a ndearnadh breathnóireacht air

Machnamh criticiúil ar chleachtadh, ar bhonn aonair agus i gcomhar le comhghleacaithe

Rannpháirtíocht struchtúrtha, thacaithe i saol na scoile, de réir mar is cuí i gcomhthéacs an tsocrúcháin scoile

**Féadfaidh na gníomhaíochtaí seo a leanas, nó cuid acu, a bheith ar áireamh sa ghné scoilbhunaithe chomh maith, de réir mar is cuí le IAO nó leis an óstscóil:**

Tacaíocht foghlama agus múinteoireacht acmhainne

Freastal ar chruinnithe foirne

Taighde scoilbhunaithe atá bainteach leis an socrúchán scoile

Caidreamh tacaithe le tuismitheoirí

Caidreamh tacaithe le gairmithe eile

Rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe agus/nó i bpleanáil forbartha scoile.

**Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna gníomhaíochtaí socrúcháin arna dtreorú ag IAO:**

Micritheagasc nó a chomhionann

Ullmhúcháin don socrúchán

Ceardlanna chun machnamh a dhéanamh ar an socrúchán scoile

Pléfhóirí ar líne

Dialann mhachnamhach/punann ghairmiúil a fhorbairt

Eispéiris socrúcháin de chineálacha éagsúla i suíomhanna oideachais nach scoileanna aitheanta iad, lena n-áirítear, inter alia, Lárionaid Oideachais.

---

# Suíomhanna cuí a aithint

---

Is ar IAOanna atá an fhreagracht tríd is tríd as socrúcháin a eagrú le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint ach féadfaidh siad a chinneadh freagracht as óstscoileanna a aithint a tharmligean chuig múinteoirí faoi oiliúint. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh múinteoirí faoi oiliúint taithí theagaisc i gcomhthéacsanna scoile éagsúla a léiríonn ilchineálacht shocheacnamaíoch agus chultúrtha na sochaí.

Nuair is cuí agus is indéanta, ba chóir gnéithe den socrúchán a lonnú i scoileanna nó i suíomhanna speisialta, i suíomhanna ina múintear an curaclam trí mheán na Gaeilge agus i suíomhanna neamhghnácha eile. D'fhonn é sin a éascú, tá sé inmhianaithe go mbeidh gach scoil aitheanta sásta glacadh le múinteoirí faoi oiliúint atá ar shocrúchán ach tuigtear nach mbeidh sé sin indéanta nó cuí i gcónaí.

Nuair a chomhaontaítear go nglacfaidh óstscóil le múinteoir faoi oiliúint ar leith, déanfaidh príomhoide na scoile, nó ball foirne a dtarmligfear an fhreagracht sin chuige nó chuici, an socrúchán a éascú de réir na dtreoirlínte iomchuí de chuid IAO.

Ba cheart go bhfaighidh múinteoir faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile taithí ar raon leibhéal ranga agus ar theagasc ilranga le linn na socrúchán go léir a dhéanfaidh sé nó sí. Ag leibhéal iar-bhunscoile, ba cheart go bhfaighidh an múinteoir faoi oiliúint taithí ar an tsraith shóisearach agus shinsearach araon, ar theagasc i rang cumais mheasctha agus, más cuí, ar ranganna i mblianta na scrúduithe. Agus é sin á phleanáil, ní foláir do IAOanna agus scoileanna féachaint do raon athróg éagsúil, e.g. tráthú an tsocrúcháin i bhféilire na scoile, agus an chéim ag a bhfuil

an múinteoir faoi oiliúint sa chlár d'oidreachas tosaigh múinteoirí (OTM).

Féadfar taithí ar naisc thrasearnála a bhreithniú freisin, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na coinníollacha arna leagan amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta in *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir*. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile socrúchán a dhéanamh i suíomh réamhscoile nó iar-bhunscoile. Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfadh múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal iar-bhunscoile socrúchán a dhéanamh i suíomh bunscoile.

Féadfaidh múinteoir faoi oiliúint taithí theagaisc agus foghlama luachmhar a fháil trí pháirt a ghlacadh in eispéiris socrúcháin de chineálacha éagsúla chomh maith, lena n-áirítear socrúcháin Thuaidh/Theas agus Erasmus agus socrúcháin i Lárionaid Oideachais agus i suíomhanna oideachais eile nach scoileanna aitheanta iad. Féadfaidh na socrúcháin sin a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí arna dtreorú ag IAO a ndéantar achoimre orthu i bhFíor 1.

# Tacaíocht struchtúrtha don mhúinteoir faoi oiliúint

Is príomhghné de chuid an tsocrúcháin scoile tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint. Is ar theagascóir socrúcháin IAO a bhíonn an phríomhfhreagracht as tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil, agus bíonn sé nó sí freagrach as measúnú ar mhaithe le grád a thabhairt chomh maith. Cuirfidh múinteoirí comhoibríocha agus príomhoidí scoile tacaíocht struchtúrtha ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint chomh maith, faoi réir a gcumais. Tá ról ríthábhachtach ag an mhúinteoir comhoibríoch ó thaobh tacaíocht struchtúrtha agus treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, cé nach ról meastóireachta é mar ní dhéanann siad obair an mhúinteora faoi oiliúint a mheasúnú thar ceann IAO.

Féadfaidh baill foirne IAO eile, an pobal scoile agus múinteoirí eile atá faoi oiliúint tacaíocht bhreise a chur ar fáil. Tuigtear go gcuireann an pobal scoile uile tacaíocht neamhfhoirmiúil thábhachtach ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, mar shampla, trí fháilte a chur rompu agus trína chinntiú go mbíonn deis ag múinteoirí faoi oiliúint taithí a fháil ar ghnáthghníomhaíochtaí scoile, agus trí shaoráidí scoile a chur ar fáil dóibh chun a n-úsáide.

Ba chóir múinteoir comhoibríoch oiriúnach, atá sásta comhoibriú leis an mhúinteoir faoi oiliúint agus tacaíocht a thabhairt dó nó di, a shannadh do gach mhúinteoir faoi oiliúint atá ar shocrúchán. D'fhéadfadh roinnt múinteoirí comhoibríocha a bheith sannta do mhúinteoir faoi oiliúint ag leibhéal iar-bhunscoile. Le linn socrúcháin scoile atá mar chuid de chlár OTM, beartaítear go mbeidh mhúinteoir faoi oiliúint in ann bogadh ar aghaidh, de réir a chéile, ó chéim ag a mbeidh an-chuid tacaíochta curtha ar fáil dó nó di sa seomra ranga go céim ag a mbeidh

sé nó sí in ann múineadh go neamhspleách. Fad a bheidh mhúinteoirí faoi oiliúint ag múineadh ar bhonn neamhspleách, beidh am roghnach ag na mhúinteoirí comhoibríocha. Dá bhrí sin, beidh sé níos éasca dóibh caidreamh a dhéanamh le mhúinteoirí faoi oiliúint ag tráthanna eile.

Áireofar ar an tacaíocht struchtúrtha comhairle agus treoir a sholáthar, tuairimí agus cineálacha cur chuige a chomhroinnt, comhphleanáil, teagasc foirne, deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile i mbun teagaisc, agus deiseanna breathnóireacht a dhéanamh ar theagasc an mhúinteora faoi oiliúint. Tugtar le fios i bhfianaise taighde gurb iad breathnóireacht agus aiseolas an dá ghné is luachmhaire den tacaíocht struchtúrtha.

Déanfaidh IAOanna treoracha maidir le breathnóireacht ar chleachtadh mhúinteoirí faoi oiliúint a eisiúint chuig scoileanna agus chuig teagascóirí socrúcháin. Tabharfar aird sna treoracha ar an méid seo a leanas:

- ionchais agus riachtanais an tsocrúcháin áirithe sin
- breathnóireacht a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt
- caidreamh le teagascóir socrúcháin IAO
- ról an mhúinteora faoi oiliúint mar ghníomhaire gníomhach ina fhorbairt nó ina forbairt féin.

Ba chóir do IAOanna tacaíocht a thabhairt do theagascóirí socrúcháin agus do mhúinteoirí comhoibríocha chun a chinntiú go gcuirfear na treoracha i bhfeidhm go comhleanúnach. Ar mhaithe leis an gcúirtéis ghairmiúil, ba chóir do theagascóir socrúcháin IAO agus mhúinteoir

comhoibríoch teagmháil a dhéanamh le chéile, de réir mar is cuí, i ndáil le haon mholtaí a dhéantar nó aon chomhairle a chuirtear ar mhúinteoirí faoi oiliúint.

Ba chóir go dtabharfar aiseolas (ó theagascóir tsocrúcháin IAO, múinteoir comhoibríoch, príomhoide scoile, etc.) do mhúinteoir faoi oiliúint go tráthúil. Ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar fhianaise a bailíodh le linn na breathnóireachta agus ba chóir go mbeadh sé cuí do riachtanais agus d'ionchais an tsocrúcháin áirithe lena mbaineann. Ba chóir go mbeadh teachtaireachtaí aiseolais soiléir, cothrom agus ionraic, ba chóir iad a chur in iúl ar bhealach atá oiriúnach chun plé a dhéanamh ar theagasc agus foghlaim, agus ba chóir iad a chur ar fáil ar bhealach spreagthach, íogair. Ba chóir go gcabhródh an breathnóir leis an múinteoir faoi oiliúint machnamh criticiúil a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh chun láidreachtaí, réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe, agus straitéisí féideartha chun feabhas a chur ar chleachtadh a aithint.

## **Tacú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí gairmiúla acu**

Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfar tacaíocht do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil deacrachtaí acu maidir le cleachtadh seomra ranga agus ba chóir an tacaíocht sin a chur ar fáil a luaithe agus is féidir le linn an tsocrúcháin. Ba chóir go mbeadh sí deartha chun cur ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint riachtanais an tsocrúcháin a chomhlíonadh. Cé gur ar IAO atá an fhreagracht phríomhúil as tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil deacrachtaí acu, ní mór cur chuige comhoibríoch a úsáid i ndáil leis an tacaíocht sin ar mhaithe le leas na bhfoghlaimoirí.


I gcás go n-aithnítear ábhar imní tromchúiseach i ndáil le cleachtadh nó iompar gairmiúil múinteora faoi oiliúint, ba chóir don mhúinteoir comhoibríoch príomhoide na scoile a chur ar an eolas faoi a luaithe agus is féidir. I gcásanna den sórt sin, ba chóir don phríomhoide fógra a thabhairt do IAO agus idirghabhálacha cuí a éascú. Áireofar orthu sin tacaí breise tráthúla a chur ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint.

# Róil agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe

Bíonn ról tábhachtach ag a lán comhpháirtithe éagsúla ó thaobh tacú le múinteoir faoi oiliúint le linn socrúcháin agus ó thaobh a chinntiú gur eispéireas cuí, bríoch, luachmhar é. Leagtar amach i bhFíor 2 thíos na comhpháirtithe príomhúla ag leibhéal scoile agus IAO agus leagtar béim ar an idirspeleáchas idir na comhpháirtithe sin go léir, mar aon le suíomh an mhúinteora faoi oiliúint ag croílár an phróisis. Leagtar béim ann freisin ar an ról tábhachtach atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le tacú le socrúcháin scoile ardchaighdeán agus creat beartais a bhunú ar laistigh de a chuirtear socrúcháin ar fáil.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh caidrimh mhaithe idir na comhpháirtithe seo uile agus go mbeidh siad tiomanta do chur chuige comhpháirtíochta chun socrúcháin scoile éifeachtach a chinntiú. Bíonn sé níos éasca na caidrimh sin a chothú nuair a bhíonn tuiscint shoiléir ag na comhpháirtithe go léir ar na ról faoi seach a bhíonn acu agus na freagrachtaí faoi seach a bhíonn orthu. Déantar achoimre i bhFíor 3 ar an gcéad leathanach eile ar ról gach comhpháirtí, le tagairt ar leith don socrúcháin scoile. Ní mór a aithint go bhféadfaidh ról thábhachtacha a bheith ag páirtithe leasmhara eile, nach n-aithnítear i bhfíor 2, maidir le cabhrú le scoileanna agus le IAOanna eispéireas socrúcháin a chur ar fáil. Beartaítear breis comhairliúcháin a dhéanamh leis na comhlachtaí sin d'fhonn a ról a shainmhíniú go soiléir.

Fíor 2 Comhpháirtithe príomhúla



### Fíor 3 Ról & Freagrachtaí na bPríomh-Pháirtithe Leasmhara

#### An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Déanann sí cinnte go gcuirtear na hacmhainní cuí ar fáil ag leibhéal IAO agus scoile d'fhonn tacú leis an socrúchán.
- Déanann sí cinnte go dtugtar aird ar riachtanais scoile maidir le comhoibriú gairmiúil, a ndéantar cur síos orthu sna múnlaí nua maidir le socrúcháin scoile, nuair atá foirgnimh scoile á ndearadh.
- Tugann sí aird ar na múnlaí nua maidir le socrúchán scoile atá bunaithe ar chomhpháirtíocht nuair atá beartas oideachais á cheapadh.
- Cabhraíonn sí le Lárionaid Oideachais, seirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí iomchuí eile ról cuí a ghlacadh chun tacú leis na múnlaí nua maidir le socrúcháin scoile.

#### An Chomhairle Mhúinteoireachta

- Cuireann sí gairm na múinteoireachta chun cinn.
- Déanann sí clár d'oideachas tosaigh múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú de réir mar is cuí. Féadfaidh creidiúnú den sórt sin a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglas, agus féadfaidh baint a bheith ag cuid acu sin le gné an tsocrúcháin.
- Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, féadfaidh an Chomhairle cuairt a thabhairt ar scoileanna ina bhfuil socrúcháin ar siúl agus aiseolas a iarraidh ar pháirtithe leasmhara iomchuí.
- Déanann sí forbairt agus athbhreithniú na dtreoirlínte náisiúnta maidir le socrúcháin scoile a chomhordú, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.
- Forbróidh sí creat náisiúnta le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach a chuirfidh taca faoi roinnt de na tiomantais i ndáil le forbairt ghairmiúil a ndéantar cur síos orthu sna treoirlínte seo.

#### Institiúidí Ardoideachais

- Déanann siad socrúcháin scoile a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le hóstascoileanna, ag féachaint do chritéir na Comhairle Múinteoireachta agus do thaighde reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar OTM.
- Forbraíonn siad treoirlínte chun suíomhanna socrúcháin cuí a aithint.
- Cuireann siad faisnéis, treoir agus tacaíocht struchtúrtha ar fáil d'óstascoileanna agus d'óstmhúinteoirí faoi gach gné de shocrúcháin scoile, lena n-áirítear struchtúr agus fad an tsocrúcháin, gníomhaíochtaí socrúcháin scoile, agus na hionchais atá acu i ndáil leis an múinteoir faoi oiliúint le linn an tsocrúcháin.
- Déanann siad cinnte go mbíonn eispéiris scoile uile ag múinteoirí faoi oiliúint a oireann don tréimhse socrúcháin ar leith.

#### Teagascóirí Socrúcháin IAO

- Déanann siad cinnte go gcuirtear tacaíocht cuí ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint i ndáil le gach ní a bhaineann leis an socrúchán.
- Déanann siad breathnóireacht ar an múinteoir faoi oiliúint fad agus atá sé nó sí ag múineadh agus déanann siad comhrá leis nó léi chun aiseolas cuiditheach a thabhairt.
- Déanann siad cleachtadh an mhúinteora faoi oiliúint a mheasúnú ag féachaint do riachtanais IAO.
- Déanann siad príomhthuisctíní a bhaineann le teagasc agus foghlaim a threisiú leis an múinteoir faoi oiliúint de réir bheartas IAO.
- Spreagann siad an múinteoir faoi oiliúint chun páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile.
- Déanann siad dea-chleachtas maidir le ranganna a phleanáil agus acmhainní teagasc agus foghlama a úsáid a phlé leis an múinteoir comhoibríoch.
- Cabhraíonn siad leis an múinteoir comhoibríoch agus leis an múinteoir faoi oiliúint comhrá machnamhach a dhéanamh.
- Comhoibríonn siad leis an múinteoir comhoibríoch nó leis na múinteoirí comhoibríocha agus tugann siad aitheantas do ról na múinteoirí sin maidir le tacú leis an múinteoir faoi oiliúint.
- Pléann siad cleachtadh agus taithí an mhúinteora faoi oiliúint leis an múinteoir comhoibríoch, de réir mar is cuí.
- Bíonn siad sásta foghlaim ón bpríomhoide, ón múinteoir comhoibríoch nó ó na múinteoirí comhoibríocha, agus ó bhaill foirne eile sa scoil.
- Déanann siad cleachtadh agus taithí an mhúinteora faoi oiliúint a phlé leis an bpríomhoide, de réir mar is cuí.
- Tugann siad aitheantas do ról, obair agus tiomantas na hóstascoile agus na múinteoirí comhoibríocha ó thaobh tacú le múinteoirí faoi oiliúint ar shocrúcháin.
- Bíonn siad ar an eolas faoi shainspiorad (éiteas) na scoile, beartais na scoile, amchlár na scoile agus aon socrúithe scoilbhunaithe ar leith, agus léiríonn siad meas ar an gcéanna.
- Déanann siad cinnte gur múinteoirí cláraithe ag a bhfuil taithí reatha nó taithí dheireanach ar theagasc san earnáil iomchuí iad formhór na dteagascóirí socrúcháin agus tugann siad tacaíocht leanúnach do na teagascóirí sin agus iad ag gabháil don ról sin.
- Déanann siad cinnte go ndéanann beirt teagascóirí IAO nó níos mó, agus saineolas ag duine amháin acu sin, ar a laghad, ar an gcuraclam/ábhar lena mbaineann, tacaíocht a chur ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint agus an múinteoir faoi oiliúint a mheasúnú.
- Cuireann siad tacaí breise ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil deacrachtaí acu le linn socrúcháin scoile.
- Tugann siad treoir agus comhairle don mhúinteoir faoi oiliúint maidir le cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí oiriúnach chun bheith ina mhúinteoir nó ina múinteoir.

## Múinteoirí faoi oiliúint

- Glacann siad páirt chuiditheach, chomhoibríoch i raon leathan gníomhaíochtaí gairmiúla mar chuid den phróiseas socrúcháin scoile.
- Buaileann siad leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir comhoibríoch nó leis na múinteoirí comhoibríocha chun an socrúchán a phleanáil ag féachaint don raon gníomhaíochtaí atá leagtha amach i bhFíor 1.
- Bíonn tuiscint acu ar an gcéim ag a bhfuil siad sa phróiseas a bhaineann le foghlaim conas múineadh agus ar an gcaoi inar chóir dó sin dul i bhfeidhm ar a gcaidreamh leis an bpobal scoile.
- I gcomhar leis an múinteoir comhoibríoch agus múinteoirí eile sa scoil, de réir mar is cuí, iarrann siad deiseanna chun breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí agus oibriú leo, agus baineann siad úsáid as na deiseanna sin.
- Bíonn cur chuige réamhghníomhach acu i ndáil lena gcuid foghlama féin agus iarrann siad agus baineann siad tairbhe as tacaíocht ina gcáil mar chleachtóirí comhoibríocha.
- Déanann siad ceachtanna a ullmhú agus a mhúineadh atá ar an gcaighdeán a mbeifí ag tnúth leis i bhfianaise a gcéime forbartha agus a théann le riachtanais IAOnna agus beartais na hóstascoile (beartais a bhaineann le hobair bhaile agus measúnacht, agus beartais teagasc agus foghlama iomchuí eile, ach go háirithe).
- Bíonn siad ar an eolas faoi Chód Iompair, Cód Cosanta Leanáil agus beartais iomchuí eile na scoile.
- Bíonn siad feasach i gcónaí ar an ngá tús áite a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaiméirí agus ar an dualgas cúraim atá leagtha orthu.
- Glacann siad le haiseolas cuiditheach ó theagascóirí IAO, múinteoirí comhoibríocha agus príomhoidí.
- Déanann siad plé le múinteoirí faoi oiliúint eile i gcomhthéacs na piarfoghlama, a mhéid is indéanta.
- Déanann siad iarracht iad féin a fhorbairt mar chleachtóirí a dhéanann machnamh criticiúil.
- Déileálann siad le gach ball den phobal scoile ar shlí mheasúil, chúirtéiseach.
- Aithníonn siad go bhfuil sé d'acmhainn acu cur go mór leis an bpobal scoile.
- Tacaíonn siad le sainspiorad (éiteas) na scoile.
- Bíonn aird chuí acu ar na luachanna eiticiúla agus na caighdeáin ghairmiúla atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí arna eisiúint ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Bíonn meas acu ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn socrúcháin.
- Glacann siad páirt iomlán i ngach socrúchán d'fhonn a scileanna teagasc a fhorbairt agus d'fhonn riachtanais socrúcháin de chuid IAO a chomhlíonadh.

## Múinteoirí Comhoibríocha

- Cabhraíonn siad leis an múinteoir faoi oiliúint dul i dtaithe ar: na foghlaiméirí, an seomra ranga, plean oibre an mhúinteora don rang sin, rialacha agus nósanna imeachta an ranga, agus róil na mball foirne eile a bhfuil baint dhíreach acu leis na foghlaiméirí sa rang.
- Tugann siad deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar a gcuid teagasc (agus ar theagasc a gcomhghleacaithe).
- Cuireann siad an múinteoir faoi oiliúint ar an eolas faoi riachtanais agus gnóthachtálacha foghlaiméirí.
- Déanann siad réimsí den churaclam a shannadh don mhúinteoir faoi oiliúint lena dteagasc, ach beidh an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn na bhfoghlaiméirí orthu i gcónaí.
- Pléann siad pleanáil agus acmhainn an mhúinteora faoi oiliúint leis nó léi, de réir mar is cuí,
- Déanann siad breathnóireacht ar chleachtadh an mhúinteora faoi oiliúint agus tabharfaidh siad aiseolas don mhúinteoir faoi oiliúint ó bhéal nó i scríbhinn ar shlí atá spreagthach agus íogair.
- Déanann siad an múinteoir faoi oiliúint a spreagadh agus tacóidh agus cabhróidh siad leis nó léi: machnamh criticiúil a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh, raon modheolaíochtaí teagasc éagsúla a úsáid agus éisteacht le haiseolas ó fhoghlaiméirí agus freagairt dó ar bhealach cuí.
- Spreagann siad an mhúinteoir faoi oiliúint chun comhairle agus tacaíocht a iarraidh nuair is gá.
- Ligeann siad do mhúinteoirí faoi oiliúint múineadh go neamhspleách, de réir mar a fhorbraíonn siad a gcuid inniúlachtaí (i gcomhréir le riachtanais IAO i ndáil leis an socrúchán sin), agus de réir mar is cuí leis an múinteoir comhoibríoch agus leis an bpríomhoide.
- Oibríonn siad i gcomhar leis an múinteoir faoi oiliúint, IAO, an teagascóir socrúcháin agus príomhoide na scoile.
- Cuireann siad an príomhoide ar an eolas faoi aon ábhar imní tromchúiseach i ndáil le cleachtadh nó iompar gairmiúil mhúinteora faoi oiliúint.
- Bíonn am roghnach acu fad a bhíonn na múinteoirí faoi oiliúint ag múineadh, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca dóibh caidreamh a dhéanamh leis na múinteoirí faoi oiliúint ag tráthanna eile.

## Príomhoidí Scoile

- Déanann siad cur chuige scoile uile i ndáil le socrúchán scoile a threorú de réir an bheartais arna cheapadh ag an Údarás Bainistíochta Scoile.
- Déanann siad éascaíocht ar shocrúchán mac léinn, i gcomhairle leis na baill foirne chuí agus ag féachaint do chumas na scoile.
- Oibríonn siad i gcomhar le IAOanna agus teagascóirí socrúcháin chun tacú le socrúcháin scoile.
- Sannann siad múinteoirí faoi oiliúint do mhúinteoirí comhoibríocha de réir mar is cuí.
- Cuireann siad seisiún insealbhaithe faoin scoil ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint ag tús an tsocrúcháin.
- Tugann siad deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint oibriú i gcomhar le múinteoirí eile.
- Spreagann siad an mhúinteoir faoi oiliúint chun comhairle agus tacaíocht a iarraidh nuair is gá.
- Bíonn siad ar fáil chun tacaíocht agus comhairle ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint.
- Tugann siad fógra do IAOanna go tráthúil má tá aon ábhar imní tromchúiseach ann i ndáil le cleachtadh nó iompar gairmiúil múinteora faoi oiliúint.
- Cabhraíonn siad le baill foirne IAO ar mhian leo a dtaithe theagaisc a nuashonrú, nuair is indéanta.
- Cuireann siad ar chumas múinteoirí comhoibríocha leas a bhaint as am roghnach fad agus a bhíonn múinteoirí faoi oiliúint ag múineadh ar bhonn níos neamhspleáiche.
- Nuair is cuí, déanann siad na feidhmeanna thuasluaite a tharmligean chuig an leas-phríomhoide nó chuig baill eile den fhoireann.

## Údarás Bainistíochta Scoile

- Déanann sé beartas maidir le socrúcháin scoile a thionscnamh agus a fhorbairt i gcomhairle le pobal na scoile uile.
- Déanann sé cinnte go mbíonn pobal na scoile uile (an fhoireann, na tuismitheoirí agus na mic léinn) ar an eolas faoi bheartas socrúcháin na scoile.
- Déanann sé cinnte go mbíonn IAOanna iomchuí ar an eolas faoi bheartas socrúcháin na scoile.
- Déanann sé athbhreithniú agus faireachán ar chur i bhfeidhm an bheartais socrúcháin.

## Pobail Scoile Uile

- Tuigeann siad an tábhacht a bhaineann le socrúchán scoile d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil an mhúinteora faoi oiliúint agus glacann siad páirt i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an bheartais maidir le socrúcháin scoile.
- Aithníonn siad na dúshláin a bhíonn le sárú ag múinteoirí faoi oiliúint agus cabhraíonn siad leo déileáil leis na dúshláin sin.
- Bíonn tuiscint acu ar luach an eispéiris socrúcháin scoile agus ar an gcaoi inar féidir le múinteoirí faoi oiliúint tairbhe a bhaint as caidreamh le múinteoirí comhoibríocha agus leis an bpobal scoile.
- Aithníonn siad gur féidir le múinteoirí faoi oiliúint cleachtais nua, nuálacha a thabhairt isteach sa seomra ranga agus go bhféadfaidh an scoil agus pobal na scoile tairbhe a bhaint astu.
- Tugann siad aitheantas do róil agus freagrachtaí ar leith gach duine sa phobal scoile i ndáil le socrúcháin scoile.

## Tuismitheoirí

- Cuidíonn siad le beartas scoile maidir le socrúchán scoile a fhorbairt.
- Aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le tiomantas na scoile do shocrúcháin le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint a éascú agus tacaíonn siad leis an tiomantas sin.
- Faigheann siad cumarsáid faoi bheartas na scoile maidir le socrúcháin scoile ar shlí a chuireann ar a gcumas tacú leis na múinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúchán.

*Tuigtear go bhféadfaidh ról thábhachtacha a bheith ag páirtithe leasmhara eile, nach luaitear thuas, maidir le cabhrú le scoileanna agus le IAOanna eispéireas socrúcháin a chur ar fáil. Beartaítear breis comhairliúcháin a dhéanamh leis na comhlachtaí sin d'fhonn a ról a shainmhíniú go soiléir.*



« *Tuilleadh eolais thar an leathanach*

---

# Caidreamh idir IAO agus an scoil

---

Cuirfidh IAOanna faisnéis mhionsonrach ar fáil do scoileanna maidir le fad, struchtúr agus tráthú na gné scoilbhunaithe agus cabhróidh siad le scoileanna an múinteoir faoi oiliúint a óstáil. Beidh treoir agus doiciméadacht, ar a laghad, san áireamh sa tacaíocht sin ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag an múinteoir comhoibríoch ar ionchais IAO i ndáil leis an múinteoir faoi oiliúint. Féadfar tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- fócas an tsocrúcháin áirithe sin
- an fócas curaclaim
- pleanáil agus ullmhú
- méid an teagaisc dhírigh
- machnamh ar chleachtadh
- an córas meastóireachta a úsáideann teagascóirí socrúcháin IAO le haghaidh socrúcháin áirithe
- treoir maidir le breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint agus iad ag múineadh
- treoir maidir le haiseolas a thabhairt
- treoir maidir le gníomhaíochtaí neamhtheagaisc

Ba chóir go mbeadh plé gairmiúil rialta idir IAO agus foireann na scoile i ndáil leis an socrúchán scoile. Ba chóir dea-chleachtas a aithint, agus nuair a thagann deacrachtaí chun cinn ba chóir go ndéileálfáí leo ar bhealach tráthúil.

Má tá deacrachtaí ag múinteoir faoi oiliúint, ba chóir déileáil leo ar bhealach gairmiúil, íogair.

De réir mar a fhorbraítear an caidreamh idir IAO agus an scoil ina bhfuil an socrúchán ar siúl, féadfaidh deiseanna comhoibríthe eile teacht chun cinn. Mar shampla, féadfaidh IAOanna cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar do mhúinteoirí comhoibríocha nó do mhúinteoirí eile, agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach sin a chreidiúnú. Ar an dóigh chéanna, féadfaidh scoileanna cabhrú le baill foirne IAO ar mhian leo a gcuid taithe teagaisc a nuashonrú.

---

# Aguisíní

---

---

# Aguisín 1

## Beartas Scoile Teimpléid maidir le Socrúcháin le haghaidh Múinteoirí faoi Oiliúint

---

Ba chóir go gcuirfidh beartas na scoile maidir le socrúcháin scoile le tuiscint phobal na scoile uile (an bhainistíocht, baill foirne, tuismitheoirí agus foghlaimoirí) ar an gcaidreamh idir an scoil agus cláir d'oidreachas tosaigh múinteoirí (OTM) - go háirithe an ghné de na cláir sin a bhaineann le socrúchán scoile.

Tá teimpléad anseo thíos chun cabhrú le húdaráis bhainistíochta scoile beartas socrúcháin scoile a fhorbairt. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil an teimpléad seo in ainm a bheith forordaitheach ar bhealach ar bith. Tá sé de fhreagracht ar gach údarás bainistíochta scoile (i gcomhairle le múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí) beartas a cheapadh a oireann d'imthosca ar leith a scoile féin, go háirithe agus scoileanna agus gairm na múinteoireachta ag glacadh páirt sa phróiseas d'oidreachas múinteoirí anois, i gcomhpháirtíocht le IAOnna.

### [Ainm na Scoile]

### Beartas maidir le Socrúcháin le haghaidh Múinteoirí faoi Oiliúint

#### 1 Réamhrá

Is é seo a leanas an tuiscint atá ag Bord Bainistíochta [ainm na scoile] ar oidreachas tosaigh múinteoirí agus ar an ról atá ag socrúchán scoile sa phróiseas sin.

- Tá eispéiris socrúcháin scoile dhearfacha riachtanach chun a chinntiú go bhfaighidh gach múinteoir faoi oiliúint oidreachas tosaigh múinteoirí atá cuí.
- Tá comhoibriú dlúth idir scoileanna agus IAOnna riachtanach chun eispéiris socrúcháin scoile dhearfacha, bhríocha a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint.
- Tá sé inmhianaithe go mbeidh scoileanna sásta glacadh le múinteoirí faoi oiliúint atá ag déanamh socrúchán, agus go dtabharfaidh siad deiseanna do na múinteoirí faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ranganna a mhúineadh go neamhspleách i gcomhar le múinteoirí cleachtacha atá cáilithe go cuí.
- Beidh tacaíocht phobal na scoile uile ag teastáil ó mhúinteoirí faoi oiliúint le linn an tsocrúcháin scoile agus iad ag oibriú chun inniúlacht ghairmiúil a bhaint amach.
- Is eispéireas saibhirúcháin d'fhoghlaimoirí sa scoil, do mhúinteoirí faoi oiliúint, do mhúinteoirí comhoibríocha, don phobal scoile níos leithne agus do IAOnna múinteoirí faoi oiliúint atá ar shocrúchán a óstáil. Go háirithe, baineann foghlaimoirí tairbhe as an raon níos leithne d'eispéiris teagaisc, foghlama agus chomhchuraclaim a chuirtear ar fáil mar thoradh ar rannpháirtíocht struchtúrtha múinteoirí faoi oiliúint sa scoil. Is féidir leis an scoil taithí a fháil ar chineálacha cur chuige nua i ndáil le teagasc agus foghlaim freisin, trí idirghníomhú le múinteoirí faoi oiliúint agus baill foirne IAÓ.

- 
- Baineann teagascóirí socrúcháin IAO tairbhe as eispéiris chomhpháirtíochta le scoileanna agus as bheith i suíomh scoile le linn dóibh cuairteanna a thabhairt ar na múinteoirí faoi oiliúint.

## 2 Beartas a Fhorbairt

D'fhorbair an Bord Bainistíochta an beartas seo tar éis dó dul i gcomhairle le baill uile phobal na scoile - bainistíocht na scoile, múinteoirí agus baill foirne iomchuí eile, tuismitheoirí, mic léinn agus pátrún na scoile.

## 3 Tiomantas do mhúinteoirí faoi oiliúint a óstáil

Tá [ainm na scoile] tiomanta do mhúinteoirí faoi oiliúint a óstáil le linn socrúchán scoile agus, sa chomhthéacs sin, glacann sí na *Treoirlínte maidir le Socrúcháin Scoile* arna bhforbairt ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais uile mar chuid den bheartas socrúcháin scoile seo gan aon athrú a dhéanamh orthu.

## 4 Impleachtaí don scoil a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint atá ar shocrúchán a óstáil

Má táthar chun múinteoir faoi oiliúint atá ar shocrúchán a óstáil, ní mór, inter alia, a cheadú don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar ranganna atá á dteagasc ag baill foirne teagasc de chuid na scoile. Ní mór deis a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint ranganna a theagasc chomh maith. Ag an tús, déanfaidh an múinteoir ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as leas agus dul chun cinn oideachais an ranga (an múinteoir comhoibríoch) breathnóireacht ar an teagasc sin agus tacóidh sé nó sí leis. De réir mar a fhorbraítear inniúlachtaí an mhúinteora faoi oiliúint, ceadófar don mhúinteoir faoi oiliúint ranganna a theagasc go neamhspleách de réir riachtanais IAO agus i bhfianaise na céime ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint sa chlár OTM.

## 5 Múinteoirí ar shocrúchán a sceidealú

Déanfaidh an príomhoide, nó na baill foirne a dtarmligfear an fhreagracht seo chucu, múinteoirí faoi oiliúint a shannadh do mhúinteoirí comhoibríocha agus ranganna, le haire ar na nithe seo a leanas: an chéim ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint ina chlár nó ina clár d'oideachas tosaigh múinteoirí; riachtanais ar leith na bhfoghlaimoirí i rang ar leith; an gá go bhfaighidh an múinteoir faoi oiliúint taithí ar raon cuí de chomhthéacsanna socrúcháin; agus aon imthosca speisialta a bhfuil an múinteoir comhoibríoch ar an eolas fúthu.

## 6 Múinteoirí ar shocrúchán a ionduchtú

Sula gcuirfidh siad tús le socrúchán, déanfar seisiún insealbhaithe leis na múinteoirí faoi oiliúint chun iad a chur ar an eolas faoi phríomhphearsanra na scoile, faoi éiteas na scoile agus faoin obair a dhéanann sí. Beidh i gceist leis an seisiún insealbhaithe seo paca faisnéise a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint ina mbeidh mionsonraí phríomhbheartais na scoile, go háirithe a Cód Iompair do Mhic Léinn, a Cód Cosanta Leanaí, agus a Beartais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, Obair Bhaile agus Socrúcháin le haghaidh Múinteoirí faoi Oiliúint.

## 7 Tacaí don mhúinteoir faoi oiliúint

Tá pobal na scoile tiomanta do thacaíocht dhearfach, íogair a thabhairt don mhúinteoir faoi oiliúint i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Socrúcháin Scoile arna bhforbairt ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais iomchuí go léir. Thairis sin, tá an scoil tiomanta don mhúinteoir faoi oiliúint a shannadh do mhúinteoir comhoibríoch nó do mhúinteoirí comhoibríocha cuí agus do na ranganna is gá chun go mbeidh rath ar an socrúchán scoile. Ina theannta sin, cuirfidh an scoil na saoráidí agus na hacmhainní teagaisc ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint a bheidh ag teastáil uaidh nó uaithe chun a chuid oibre nó a cuid oibre a dhéanamh le linn an tsocrúcháin.

## 8 Forbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh baill foirne a thacaíonn le socrúcháin/ a éascaíonn socrúcháin le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint

Tá údarás bainistíochta na scoile agus bainistíocht shinsearach na scoile tiomanta do rannpháirtíocht bhaill foirne na scoile i gclár d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn agus a éascú, ar cláir iad atá riachtanach chun go mbeidh rath ar shocrúcháin scoile le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint sa scoil.

## 9 Beartas socrúcháin na scoile a chur in iúl do phobal na scoile

Cuirfear cóip de bheartas socrúcháin na scoile ar fáil do phearsanra na scoile agus do chumann na dtuismitheoirí agus beidh tuismitheoirí in ann an beartas a fháil ach é a iarraidh. Go háirithe, déanfar cóip den bheartas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile (más infheidhme) agus tabharfar cóip de do thuismitheoirí/caomhnóirí na bhfoghlaimoirí uile atá ag clárú leis an scoil agus do gach múinteoir nua ar é nó í a fhostú, i bhfoirm leictreonach nó i gcóip chrua.

## 10 An beartas a athbhreithniú

Déanfaidh údarás bainistíochta na scoile an beartas seo a athbhreithniú go tráthrialta.

## 11 Dáta glactha an bheartais

Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an \_\_\_\_\_ [dáta]

Arna shíniú: \_\_\_\_\_ Arna shíniú: \_\_\_\_\_

*Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta*

*An Príomhoide*

Dáta: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: \_\_\_\_\_

---

## Aguisín 2

### Comhaltaí na Meithle

---

Eileen Salmon	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS)
Moira Leydon	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
Eddie Ward	An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Noreen Flynn	Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Virginia O'Mahony	Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
Pat O'Mahony	Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire (BOOÉ)
Michael Redmond	Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)
Patricia Slevin	Institiúid Oideachais Marino (MIE)
Neil Ó Conaill	Coláiste Mhuire gan Smál (MIC)
Breda Corr	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta (NABMSE)
Tim Geraghty	Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
Billy Redmond	An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM)
Tommy Walshe (tháinig Julie Kilroy i gcomharbacht air)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunleibhéal) (NPC-PP)
Áine Lynch	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) (NPC-P)
Sonya Coffey	Coláiste Naomh Aingéal
Bernadette Ní Áingléis	Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Bernie Ruane (tháinig Bernie Judge i gcomharbacht uirthi)	Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
Judith Harford	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)
Geraldine Mooney Simmie	Ollscoil Luimnigh (UL)
Brendan O'Dea	An Chomhairle Mhúinteoireachta (Cathaoirleach na Meithle)
Carmel Kearns	An Chomhairle Mhúinteoireachta (Rúnaí na Meithle)

## Aguisín 3

### Mionsonraí Teagmhála IAOnna

Coláiste AMI Montessori, Baile Átha Cliath	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.montessoriami.ie">www.montessoriami.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@montessoriami.ie">info@montessoriami.ie</a> Guthán: 01 2692499
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.cice.ie">www.cice.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@cice.ie">info@cice.ie</a> Guthán: 01 4970033
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.cit.ie">www.cit.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:mary.mcronin@cit.ie">mary.mcronin@cit.ie</a> / <a href="mailto:tom.oconnell@cit.ie">tom.oconnell@cit.ie</a> Guthán: 021 4335200
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.dcu.ie">www.dcu.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:kirsty.rickard@dcu.ie">kirsty.rickard@dcu.ie</a> Guthán: 01 7005223
Roinn Froebel d'Oideachas Luath-Óige agus Bunoideachas	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.nuim.ie/froebel">www.nuim.ie/froebel</a> Ríomhphost: <a href="mailto:froebel@nuim.ie">froebel@nuim.ie</a> Guthán: 01 4747400
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe- Mhaigh Eo (GMIT)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.gmit.ie">www.gmit.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:regina.daly@gmit.ie">regina.daly@gmit.ie</a> Guthán: 091 753161
Coláiste Hibernia, Baile Átha Cliath	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.hiberniacollege.com">www.hiberniacollege.com</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@hiberniacollege.net">info@hiberniacollege.net</a> Guthán: 01 6610168
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.lit.ie">www.lit.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:information@lit.ie">information@lit.ie</a> Guthán: 061 208208
Institiúid Oideachais Marino	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.mie.ie">www.mie.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:schoolplacement@mie.ie">schoolplacement@mie.ie</a> Guthán: 01 8057700
Coláiste Mhuire gan Smál	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.mic.ul.ie">www.mic.ul.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:sheila.kent@mic.ul.ie">sheila.kent@mic.ul.ie</a> Guthán: 061 204906
Institiúid Oideachais Mater Dei	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.materdei.ie">www.materdei.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@materdei.dcu.ie">info@materdei.dcu.ie</a> Guthán: 01 8086500



An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.ncad.ie">www.ncad.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:fios@ncad.ie">fios@ncad.ie</a> Guthán: 01 6364200
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.nuigalway.ie">www.nuigalway.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:education@nuigalway.ie">education@nuigalway.ie</a> Guthán: 091 492195
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (NUIM)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.nuim.ie">www.nuim.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:education.department@nuim.ie">education.department@nuim.ie</a> Guthán: 01 7083656
Coláiste Naomh Aingeal, Sligeach	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.stangelas.nuigalway.ie">www.stangelas.nuigalway.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:admin@stangelas.nuigalway.ie">admin@stangelas.nuigalway.ie</a> Guthán: 071 9143580
Coláiste Montessori San Nioclás	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.snmci.ie">www.snmci.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@snmci.ie">info@snmci.ie</a> Guthán: 01 2806064
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.spd.dcu.ie">www.spd.dcu.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:olivia.bree@spd.dcu.ie">olivia.bree@spd.dcu.ie</a> (Registrar) Guthán: 01 8842000
Coláiste Phádraig, Durlas	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.stpats.ie">www.stpats.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:office@stpats.ie">office@stpats.ie</a> Guthán: 0504 21201
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.tcd.ie">www.tcd.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:pmcdona@tcd.ie">pmcdona@tcd.ie</a> Guthán: 01 8961503
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh (UCC)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.ucc.ie">www.ucc.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:education@ucc.ie">education@ucc.ie</a> Guthán: 021 4902465
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.ucd.ie">www.ucd.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:education@ucd.ie">education@ucd.ie</a> Guthán: 01 7167965
Ollscoil Luimnigh (UL)	Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.ul.ie">www.ul.ie</a> Ríomhphost: <a href="mailto:ehs@staffmail.ul.ie">ehs@staffmail.ul.ie</a> Ph: 061 202511





---

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**  
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,  
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Íosghlao 1890 224 224  
Guthán +353 1 651 7900  
Facs +353 1 651 7901  
R-phost [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)